Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en, bg)**

**13244/25**
**ADD 1**

**SOC 625**
**EMPL 412**
**GENDER 177**
**ANTIDISCRIM 86**
**JAI 1316**
**DROIPEN 109**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12756/1/25 REV 1 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh: cosc, luathbhrath agus idirghabháil<br>*- Formheas*<br>*- Ráitis* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráiteas ó thoscaireacht HU agus ráiteas ó thoscaireacht BG maidir leis na conclúidí thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**
**MAIDIR LEIS NA DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE FORÉIGEAN IN AGHAIDH NA mBAN AGUS FORÉIGEAN TEAGHLAIGH: COSC, LUATHBHRATH AGUS IDIRGHABHÁIL**

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir an téarma ‘inscne’ mar thagairt do ‘gnéas’ agus léirmhíníonn sí an coincheap ‘comhionannas inscne’ mar ‘seansanna agus deiseanna comhionanna a chur ar fáil do mhná agus d’fhir’ sna *Conclúidí ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh: cosc, luathbhrath agus idirghabháil*.

## RÁITEAS ÓN mBULGÁIR

**Ráiteas ó Phoblacht na Bulgáire
faoi na Conclúidí ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh: cosc, luathbhrath agus idirghabháil**

'Is mór an tábhacht, dar le Poblacht na Bulgáire, a bhaineann le cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, agus is cuid thábhachtach de sin é an comhionannas idir mná agus fir. Tá an tír tiomanta do phrionsabail agus do luachanna an Aontais Eorpaigh, mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, agus leanfaimid de bheith tiomanta dóibh.

Tá Poblacht na Bulgáire fíorthiomanta do chomhrac an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. Tá rialtas agus sochaí shibhialta na Bulgáire ag obair go gníomhach chun na cineálacha sin foréigin a chosc agus chun tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin sin. Mar léiriú ar an tiomantas sin, thacaigh an tír freisin le glacadh Threoir (AE) 2024/1385 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac mar chloch mhíle thábhachtach chun foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chomhrac, íospartaigh a chosaint agus ciontóirí a phionósú, a thacóidh le Ballstáit an Aontais a reachtaíocht náisiúnta a chur chun cinn.

Sa ráiteas a tugadh nuair a glacadh Treoir (AE) 2024/1385 tagraítear, i measc nithe eile, don chinneadh ó Chúirt Bhunreachtúil na Bulgáire a glacadh in 2018, ina luaitear go gcuirtear chun cinn le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla a bhaineann leis an gcoincheap 'inscne' nach bhfuil ag luí le bunphrionsabail Bhunreacht Phoblacht na Bulgáire. Thairis sin, in 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil gur cheart, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, an coincheap 'gnéas' a úsáidtear sa Bhunreacht a úsáid ina chiall bhitheolaíoch (fir agus mná) agus sa chiall sin amháin.

I bhfianaise an mhéid thuasluaite, agus an Ráiteas uaithi a rinne sí ar ghlacadh Threoir (AE) 2024/1385 á athdhearbhú aici, tacaíonn Poblacht na Bulgáire le glacadh na gConclúidí, agus athdhearbhaíonn sí ag an am céanna go léirmhíníonn sí an téarmaíocht uile a bhaineann le hinscne go docht faoi chuimsiú choincheap dénártha an ghnéis agus faoi sin amháin.